gaelscoil na gcloch liath

Na Clocha Liatha
Co. Chill Mhantáin
Uimhir Rolla 20301C
Idirlíon: www.gscl.ie

Fón: (01) 2010718
Fón Póca: 086 8817632
Facs: (01) 2010717
R-Phost: oifig@gscl.ie

Polasaí Iontrála - *Enrolment Policy*

Réamhrá

Tá an polasaí seo á chur le chéile i gcomhthéacs an Acht Oideachais 1998. Tá Bord Bainistíochta na scoile le cead ón bPatrún, á chur le chéile chun cabhrú le tuismitheoirí/caomhnóirí páistí a chlárú sa scoil. Beidh Cathaoirleach an Bhoird, Gearóid Ó Ciaráin, agus an Príomhoide, Eoghan Ó Muirgheasa, sásta aon cheisteanna a fhreagairt maidir leis an bpolasaí seo.

This policy is being formulated in the context of the 1998 Education Act. The school's Board of Management with the agreement of the Patron, are putting it together to assist parents to enrol their children in the school. The Chairperson, Gearóid Ó Ciaráin and the Principal, Eoghan Ó Muirgheasa will be happy to answer any questions in relation to this policy.

1. Sonraí na scoile:

   Seoladh:

Gaelscoil na gCloch Liath,	Uimhir Fóin: 086 8817632 / (01) 2010718
Na Clocha Liatha,	Uimhir Rolla: 20301C
Co. Chill Mhantáin,	R-phost: oifig@gscl.ie
	Facs: (01) 2010717

2. Gaelscoil le ethos idir-chreidmheach faoi phátrúnacht "Foras Patrúnachta na Scoileanna LánGhaeilge"
3. Bunscoil do bhuachaillí agus do chailíní.
4. Scoil atá ag forbairt
5. Scoil atá ag brath ar dheontaisí agus achmhainní mhúinteora ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Beidh an scoil ag feidhmiú faoi rialacha na Roinne.
6. Ní ghlacfar le níos mó páistí ná atá molta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna
7. Leanfaidh Gaelscoil na gCloch Liath an Churaclam Bunscoile mar atá leagtha amach ag an ROS.

1. *School Details:*
   Address:

Gaelscoil na gCloch Liath	*Phone:*	*086 8817632 / (01) 2010718*
Greystones,	*Roll Number:*	*20301C*
Co. Wicklow	*Email:*	*oifig@gscl.ie*
	Fax:	*(01) 2010717*

2. *Inter-denominational ethos Gaelscoil under patronage of "Foras Pátrúnachta na Scoileanna LánGhaeilge"*
3. *Primary school for boys and girls*
4. *Developing school*
5. *A school depending on grants and teacher resources from the Dept. of Education and Skills. The school will operate under DES rules.*
6. *The number of children offered places will depend on current recommendations from the Department of Education and Skills.*
7. *Gaelscoil na gCloch Liath will follow the National School Curriculum as laid out by the DES.*

I gcómhthéacs rialacha agus cláracha na Roinne, Cearta an Phatrúin mar a leagtar amach san Acht Oideachais 1998, tacaíonn Gaelscoil na gCloch Liath leis na prionsabail a leanas:

In the context of the rules and programmes of the DES, the rights of the Patron as laid out in the Education Act 1998, and the money and resources available to the school, Gaelscoil na gCloch Liath supports the following principles.

1. Cuimsitheacht, go háirithe maidir le páistí a chlárú le bac éigin nó riachtanas oideachais speisialta
2. Cothromaíocht i dtaobh áit a fháil sa scoil agus ról iomlán a ghlacadh sa scoil
3. Rogha tuismitheora maidir le clárú
4. Meas ar éagsúlacht luachanna, creidimh, traidisiúin, teangacha agus slite beatha

1. *Inclusivity, especially re: registering children with a disability or with special educational needs*
2. *Equality in getting a place in the school and taking part fully in school life*
3. *Parents' right of application for their child*
4. *Respect for different values, religions, traditions, languages and ways of life*

Bunaíodh Gaelscoil na gCloch Liath le freastal a dhéanamh ar éileamh bunoideachais Lán-Ghaeilge sna Clocha Liatha agus sa cheantar mórthimpeall. Tugtar tús áite sa scoil dá bhrí sin, do pháistí a thógtar le Gaeilge.

Gaelscoil na gCloch Liath was founded in response to the need for Primary Education through Irish in Greystones. In the allocation of school places, preference is given therefore to children being brought up through Irish.

Aithnítear cearta tuismitheoirí/caomhnóirí a bpáistí a chlárú ina rogha scoile áitiúla, ach tá Bord Bainistíochta Ghaelscoil na gCloch Liath freagrach freisin as cearta phobal na scoile trí chéile, agus go háirithe cearta pháistí na scoile atá cláraithe cheana féin. Éilíonn sé seo breith chóir chothrom, ag cur leas na bpáistí ar fad san áireamh.

While recognising the rights of parents/guardians to register their child in the local school of their choice, the Board of Management of Gaelscoil na gCloch Liath must also recognise the rights of the existing school community, and in particular, the children already enrolled. This requires balanced judgements while acting in the best interests of the children.

Amanta oscailte agus dúnta:

- Am tionóla: 8.30r.n
- Sos beag: 10.30r.n.
- Lón mór: 12.00i.n.
- Críochnaíonn na Naíonáin Shóisearacha agus Shínsearacha ag 1.10i.n.
- Críochnaíonn scoil don lá ag 2.10i.n.

Opening and closing times:

- *Assembly time: 8.30a.m.*
- *Break-time: 10.30a.m.*
- *Lunch-time: 12.00.a.m.*
- *Home-time (Junior and Senior Infants): 1.10p.m.*
- *School finishes for the day: 2.10p.m.*

Clárú Naíonáin Shóisearacha

- Is féidir le páistí, a bheidh ceithre bliana d'aois roimh thús na scoilbliana agus a chomhlíonann na critéir thíosluaite, cur isteach ar áit sa scoil.
- Glacfar le foirmeacha clárúcháin le linn an chéad choicís iomlán de Mhí na Samhna sa bhlian sula dtosnóidh sé/sí sa scoil. (i.e. Samhain 2008 le haghaidh Meán Fómhair 2009).
- Beidh cruthú ag teastáil le páistí atá á dtógáil as Gaeilge nó a fhreastail ar Naíonra.

Junior Infant Enrolment:

- *Children enrolling in Junior Infants must turn 4 before the first day of the school year and must fulfil the criteria below.*
- *Registration forms will be accepted during the first two weeks of November the year prior to the child starting school (i.e. November 2008 for September 2009)*
- *Proof will be required for families who are raising their children in Irish or for children attending a Naíonra.*

Critéir Clárúcháin

Déanfar scagadh ar na foirmeacha iarratais roimh 25ú Samhain agus tabharfar freagra ar na hiarrthóirí go léir i scríbhinn taobh istigh de 3 sheachtain. Tabharfar tús áite, in ord aoise, do:

1. Pháistí atá á dtógáil le Gaeilge atá 4 ar nó roimh 30 Aibreán. Beidh agallamh i gceist anseo chun ethos na Gaelscoile a chosaint
2. Dheartháireacha agus dheirfiúracha de dhaltaí atá ag freastal ar an scoil agus / Páistí Fhoireann na Scoile atá 4 ar nó roimh 30 Aibreán
3. Pháistí atá cláraithe i Naíonra agus a chaitheann scoilbhliain ann (beidh teastas de dhíth chun é seo a chruthú) agus atá 4 ar nó roimh an 30 Aibreán
4. Pháistí atá 4 ar nó roimh 30 Aibreán.
5. Pháistí atá 4 tar éis 30 Aibreán.
6. Iarratas déanach - is de réir an dáta ina dtagann na hiarratais sin isteach a chuirfear iad ar an liosta. Sa chás go dtagann roinnt iarratas isteach le chéile, is in ord aoise a chuirfear iad.

Enrolment Criteria:

The application forms are processed and ordered before 25th November and all applicants receive an answer within 3 weeks. The following is the order of priority in offering places, with each criteria having been sorted according to age:

1. *Children being raised in Irish who are 4 on or before 30th April – an interview will be involved in order to maintain the ethos of a Gaelscoil.*
2. *Siblings of children already enrolled in the school / Children of Staff members and who are 4 on or before 30th April*

3. *Children who are enrolled in a Naíonra and who attend for a minimum of one school year and who are 4 on or before 30th April. (certificate will be required as proof of attendance)*
4. *Children who are 4 on or before 30th April.*
5. *Children who are 4 after 30th April.*
6. *Late applications – these are added according to the date they arrive in school. Should two or more applications arrive on the same day, they will be added according to age.*

Glacann Bord Bainistíochta na Scoile leis go gcuirtear páistí chun na scoile toisc go dteastaíonn óna dTuismitheoirí/gCaomnóirí go gcuirfear oideachas tré mheán na Gaeilge ar a bpáistí.

It is the view of the Board of Management that children are sent to the school because their parents/guardians decide that they want their children to be educated through Irish.

Déanfaidh Bord Bainistíochta na Scoile cinneadh maidir leis an líon daltaí a nglacfar leo sna naíonáin shóisearacha ó bhliain go bliain. Cuirfear clárúchán iomlán na scoile san áireamh chomh maith le haon Imlitreacha ón Aire agus an cinneadh seo á dhéanamh.

The Board of Management will determine the number of children to be enrolled in Junior Infants on a yearly basis. The school's enrolment along with any circulars from the Minister will be taken into consideration in taking this decision.

Iarrfar ar na Tuismitheoirí/ Caomhnóirí a chur in iúil don scoil i scríbhinn, go bhfuil sé i gceist acu glacadh leis an áit sin taobh istigh de 10 lá (luaifear spriocdáta sa litir ofrála)

The parents/ guardians are asked to confirm in writing within 10 days that they wish to accept the place offered to their child. (the deadline will be clarified in the letter of offer)

Nuair a bhíonn na háiteanna ar fad líonta, cuirfear é seo in iúil do na tuismitheoirí/caomhnóirí eile agus déarfar leo go bhfuil a bpáistí ar an liosta feithimh agus cuirfear in iúl dóibh cá bhfuil siad ar an liosta. Má bhíonn folúntas ann, tabharfar áit don chéad pháiste eile ar an liosta feithimh. Ritheann an liosta feithimh seo go dtí deireadh an scoilbhliain dár gcionn.

When all the places have been allocated, the remaining parents/guardians will be informed that their child's name is being placed on a waiting list and will be informed of their position on the waiting list. Should a place become available, it will be offered to next child on the waiting list. This list will be kept until the end of the following school year.

Déanfar plé idir na scoileana áitiúla maidir le clárúcháin chun cinntiú nach nglacann páiste le áit i níos mó ná scoil amháin.

Applications will be discussed with local schools to ensure that no child has accepted a place in more than one school.

Beidh seans ag na páistí dul i dtaithí ar an scoil i Mí an Mheithimh nuair a bheidh lá oscailte againn. Cuirfear breis eolais ar fáil nuair atá áit faighte agat sa scoil.

The children get an opportunity to visit their new school in June when an open day will be held. Further information will be given when your child has secured a place in the school.

I gcás míshástachta maidir le cur i gcrích Polasaí Iontrála na scoile, is féidir achomharc a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi mhír 29 den Acht Oideachas 1998.

In the case of dissatisfaction with the implementation of the schools' enrolment policy, an appeal can be lodged under section 29 of the Education Act 1998 to the Department of Education and Skills.

Clárúchán i Ranganna seachas na Naíonáin Shóisearacha

Glacfar le páistí isteach i ranganna eile seachas N. Shóisir má bhíonn spás sa rang má chomhlíonann siad na critéir thuas. Is é an Bord Bainistíochta a dhéanfaidh an cinneadh faoi pháistí a ghlacadh in aon rang eile. Lorgófar tuairiscí scoile/ aon mheasúnú deánta ar an bpáiste ó na tuismitheorí/caomhnóirí.

Pupils may be enrolled in classes other than Junior Infants if there is space in the class and if they fulfil the required criteria above. The Board of Management shall determine whether a child is accepted. The School will look for any assessments/school reports of the child from the parents/guardians.

Buailfidh an príomhoide leis na tuismitheoirí/caomhóirí agus leis an bpáiste le cinntiú go bhfuil cumas Gaeilge oiriúnach ag an bpáiste chun tairbhe a bhaint as an gcuracalam.

The Principal will meet with parents/guardians and children interested in enrolling in the school to ensure that their level of Irish is sufficient to enable the child to access the curriculum.

Ní ghlacfar le páiste ó Ghaelscoil áitiúl eile más í sin an Ghaelscoil is cóngaraí dá áit chónaithe seachas má bheartaíonn Bord Bainistíochta na scoile gur cás eisceachtúil atá ann.

No child will be accepted if they are enrolled in a local Gaelscoil which is their closest Gaelscoil unless the Board of Management deems that there are exceptional circumstances.

Páistí le mí-chumas nó riachtanais speisialta oideachais

Cuirfear iarratas ar áit sa scoil do pháistí le mí-chumas nó páistí go bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu ar an bhfoirm iarratais caighdeánach. In éineacht leis an bhfoirm, beidh miontuairisc ar mhí-chumas/ riachtanais speisialta an pháiste maraon le tuairisc leighis, mheasúnaithe nó síceolaíoch ag teastáil, de réir mar a oireann, má tá siad ar fáil.

Application for enrolment of children with a disability or other educational need should be made on the standard application form and must be accompanied by detailed assessments and/ or psychological report, report of the child's disability/ educational needs, supported by medical reports, if available.

Déanfar maoiniú ar pháistí le riachtanais speisialta de réir na n-achmhainní a chuirtear ar fáil don Bhord Bainistíochta ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Children with special needs will be supported in accordance with the level of resources provided by the Department of Education and Science to the Board of Management.

Má thagann iarratas ó pháiste go bhfuil stair fhoréigne i leith daltaí & foireann scoil/eanna eile, ní dhéanfar cinneadh go dtí go mbeidh iniúchadh sábháilteachta déanta agus comhairle phrofisiúnta faighte.

If a pupil with a history of violence in other schools towards pupils and staff applies for admission, a decision will be made pending a safety audit and professional advice.

Caithfear Cód Iompair, Polasaí na Gaeilge agus Polasaí Idirchreidimh na scoile a bheith léite is sínithe nuair a ghlacfar áit sa scoil.

The School's Code of Behaviour, Irish Policy and Interdenominational Policy must be read and signed when accepting a place in the school.

Athbhreithniú:

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ag tús gach scoilbhliana.

This policy will be reviewed at the beginning of each school year.

Daingnithe:

Déanadh athbhreithniú agus faobhadh ar an bpolasaí seo ag cruinniú an Bhoird Bhainistíochta, Dé Luain 12 Meán Fómhair 2011

This policy was reviewed and ratified by the Board of Management on Monday 12th September 2011.